

Easaontas agus Athailíniú san Eoraip, 1945

- 1992 | Freagra samplach

Cén fáth ar tharla Éirí Amach san Ungáir in 1956 agus cén fáth ar thug an tAontas Sóivéadach céimeanna chun é a bhrú faoi chois? (2018)

Ba chosúil gur léirigh Éirí Amach na hUngáire 1956 gach rud ar sheas an Cogadh Fuar dó. Bhí saoránaigh na hUngáire agus an chuid eile de 'stáit satailíte' Oirthear na hEorpa á rialú ag an Rúis Marxach-Leiníneach. Bhí praghas géar le híoc ag aon duine a cheistigh údarás na Sóivéadach. Roimh an Dara Cogadh Domhanda, bhí rialtas na hUngáire frith-chumannach agus frith-Rúiseach, agus bhí siad i gcomhghuaillíocht le Hitler in 1940. Tar éis dóibh fórsaí na Gearmáine a chloí ar thalamh na Rúise, bhrúigh Arm Dearg na Rúise na Gearmánaigh siar tríd an Ungáir, áit ar lonnaigh trúpaí Sóivéadacha iad féin. Sa bhliain 1956, thug ceannaire na Sóivéadach, Nikita Khrushchev, óráid rúnda ag cáineadh polasaí Stalin agus d'fhógair sé polasaí dí-Stailíneach, polasaí a leanfadh sé féin. Mar sin féin, tháinig feabhas ar an bhfreasúra a bhí ag riail na Sóivéadach san Ungáir, agus bhí éirí amach i gcoinne Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (APPS) Khrushchev.

Thar thréimhse ama, ghoill sé ar náisiún na hUngáire gur chaill siad féiniúlacht náisiúnta sa tír Stailíneach. Cuireadh brú ar dhaonra na hUngáire glacadh le cultúr agus teanga na Rúise. Cuireadh comharthaí sráide Rúisise san áit a mbíodh cinn Ungáirise, agus bhí an Rúisis in úsáid mar phríomhtheanga san oideachas. Ba Chríostaithe cráifeacha iad na hUngáraigh, ach chuir an cumannachas i gcoinne creideamh reiligiúnach. Gearradh pionós ar Eaglais Chaitliceach na hUngáire nuair a gearradh príosún saoil ar a ceannaire, Cairdinéal Mindszenty. D'fhás an mhíshástacht, agus bhí fuath don Aontas Sóivéadach coitianta. Ba náisiún bródúil í an Ungáir tráth le féiniúlacht láidir. Anois, áfach, ní raibh san Ungáir agus stát a bhí ar slabhra ag APSS.

Bhí Mátyás Rákosi, ar ar tugadh "Stalin na hUngáire" go coitianta, mar rialtóir de facto na hUngáire idir 1949 agus 1956. D'úsáid sé modhanna éagsúla cumhachta agus cos ar bolg lena chuid cumhachta a choinneáil. Agus é i gceannas, cuireadh 2,000 saoránach chun báis agus

chuir a phóilíní rúnda 100,000 saoránach i bpríosún. Thugtaí Údarás Cosanta an Stáit ar na póilíní seo. Is beag cumas a léirigh Rákosi chun tír a rialú. Theip ar a pholasaithe comhsheilbhíochta, a bhunaigh sé ar pholasaithe Stalin. Ba chúis le cúlú eacnamaíochta agus gorta forleathan é seo. Bhí neart Ungárach míshásta faoi rialú géar Rákosi agus bhí fuath acu don Rúis Shóivéadach, chomh maith le polasaithe cumannacha na Rúise. Spreag sé seo éirí amach.

In 1953, tháinig Imre Nagy, a raibh an-tóir air, i gcumhacht in ionad Rákosi. Thosaigh Nagy ag leasú stát na hUngáire, agus chuir sé srian le polasaithe cumannacha a bhí géar. Go gairid ina dhiaidh sin, tugadh bata agus bóthar dó toisc go raibh an Chreimil in amhras faoi. Cé gur chaill sé a phost, spreag Nagy daonra na hUngáire le leanúint ar aghaidh lena phróiseas athraithe agus forbartha. Tar éis óráid rúnda cháiliúil Khrushchev ag cáineadh Stalin, léiríodh frustrachas le riail na Sóivéadach trí léirsiú a rinne stát eile a bhí faoi riail na Sóivéadach, an Pholainn. Spreag gluaiseacht leasaithe Nagy, agus éirí amach na Polainne, muintir na hUngáire chun saoirse a lorg ón rialú Sóivéadach.

Bhí ról suntasach ag na meáin lúgslavacha agus ag ionadaithe taidhleoireachta na hlúgslaive maidir le tionchar a imirt ar an Éirí Amach. Cuireadh na hlúgslavaigh as an *Cominform* - an biúró faisnéise cumannach in 1948 agus rinneadh baghcat orthu i roinnt tíortha in Oirthear na hEorpa. Tar éis óráid Khrushchev in 1955, thosaigh détente APSS-lúgslaiv ag forbairt. Ina ainneoin sin, lean na hlúgslaivigh ag taispeáint do stáit satailíte eile go raibh rogha eile ann seachas an cumannachas, agus go raibh an lúgslaiv ina sampla iontach de seo. Is minic a thug iriseoirí agus toscairí lúgslavacha cuairt ar an Ungáir, agus d'fhreastail siad ar Chiorcal Petőfi. Bhí ról lárnach ag an bpreas maidir leis na hUngáraigh a chur ar an eolas faoi Éirí Amach na Polainne, agus spreag siad tacaíocht Nagy. Bhí ról na hlúgslaive riachtanach in Éirí Amach na hUngáire.

Ar an 23 Deireadh Fómhair 1956, chuaigh mic léinn le tacaíocht ó arm na hUngáire go sráideanna Bhúdaipeist, chun agóid a dhéanamh i gcoinne réimeas na gCumannach. Bhí an tÉirí Amach seo fuilteach; gortaíodh na mílte agus maraíodh na mílte eile. Tar éis idirghabháil Nagy, d'aontaigh na Sóivéadaigh rialtas a bhunú faoi Nagy, agus thosaigh tancanna Sóivéadacha ag tarraingt siar as an gcathair go mall. Go luath ina dhiaidh sin d'fhógair Nagy, príomh-aire liobrálach nua na hUngáire Nagy, a chinneadh toghcháin shaora a thabhairt isteach agus an Ungáir a bhaint ó Chomhaontú Vársá.

Dhiúltaigh ceannaire na Sóivéadach, Khrushchev, glacadh le tréigean na hUngáire ar

Chomhaontú Vársá. Dhéanfadh an tréigean seo dochar do chrios maolánach APSS le hlarthar na hEorpa, rud a d'fhágfadh bearna i gcosaint an aontais. I measc an teannais a bhí ag fás ar scála domhanda, chreid an Chreimil go raibh sé fíorthábhachtach an t-éirí amach a bhrú faoi chois. Thrasnaigh 6,000 tanc Sóivéadach teorainn na hUngáire, áit ar tharla troideanna sráide fíochmhara. Tháinig an cumannach dílis, János Kádár, in áit Nagy agus cuireadh Nagy chun báis.

Cé gur theip ar Éirí Amach na hUngáire 1956, ba chor cinniúnach é i stair APSS. Thaispeáin sé an mhíshástacht a bhain le riail na Sóivéadach agus d'athraigh sé an meon a bhí ag roinnt de na stáit a bhí faoi riail na Sóivéadach. Sa deireadh, chuir an mhíshástacht seo le teip an chumannachais in 1989. Cé gur chuidigh go leor cúiseanna le tosú an éirí amach, is féidir a rá go raibh gnóthaí baile mar eacnamaíocht, cultúr agus ceannaireacht gharbh de facto ar roinnt de na cúiseanna ba mhó leis an éirí amach. Bhí ról tábhachtach ag cúiseanna seachtracha chomh maith, inspioráid a tháinig ón bPolainn agus ón Lúgslaiv mar shampla. Fuair na mílte bás san éirí amach de bharr dhiongbháilteacht Khrushchev é a bhrú faoi chois, ar mhaithe le crios maolánach gan bhriseadh a choinneáil le linn an Chogaidh Fhuair.